Cód Disiplín
Na Caighdeáin

Is féidir dea-iompar a fhoghlaim.
Is í aidhm bhunúsach an chóid seo ná go mbeadh paistí freagrach as a n-iompar féin.

I Scoil Chualann déantar féinmheas agus féinmhuinín an pháiste a fhorbairt agus a neartú.

Tá seans níos fearr go mbainfidh mic léinn tairbhe as a gcuid oideachais agus go mbeidh siad sona i dtimpeallacht struchtúrtha chomhbhách áit a n-éilítear caighdeáin arda iompair agus ait a gclóitear leo.

Iarrtar mar sin ar gach ball de phobal na scoile iad féin a iompar ar bhealach a léiríonn meas orthu féin agus ar dhaoine eile.

- Tá sé riachtanach go mbeadh meas againn ar dhaoine eile agus ar gach a mbaineann leo
- Tá sé riachtanach go mbeimid in ann muid féin a iompar mar is cóir, pé áit ina mbímid
- Is gá dúinn comhoibriú le chéile, agus aire a thabhairt dá chéile
- Is gá dúinn máithiúnas a thabhairt dá chéile tar éis dúinn deacrachtaí agus coimhlintí a réiteach

Is gá do na páistí aire a thabhairt do throscán, do leabhair agus do fhearas scoile a fhad 's atá siad ina seilbh.

Níl sé inghlactha go mbainfeadh leanbh le maoin scoile, le maoin múinteora, nó le maoin pháiste ar bith eile.

- Má tharlaíonn go mbaineann, déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí láithreach

Is iad na múinteoirí atá "in loco parentis" le linn uaireanta scoile agus mar sin ba chóir aon cheartúchán ar pháistí a fhágáil fúthu.

Ní bheidh glacadh le diúltú d'údaras múinteora ó aon pháiste.

- **Má tharlaíonn eachtra tromchúiseach, déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí láithreach**

Má tharlaíonn to dtugann leanbh ábhair mí-oiriúnacha ar scoil nó má fhaightear ina sheilbh iad deanfaidh an Bord Bainistíochta plé leis na tuismitheoirí láithreach.

Mínítear agus múintear an cód seo do na páistí faoi na cinnteidil thíos agus déantar é a mheabhrú dóibh go tráthrialta.Féachann sé seo chuige go mbeidh na páistí freagrach as a niompar féin agus go dtuigeann siad gur féidir dea-iompar a fhoghlaim agus droch-iompar a sheachaint.

Is páiste freagrach mé:

- Labhraim Gaeilge
- Tagaim ar scoil in am
- Bím gléasta go cuí
- Bím ullamh don scoil

Is páiste béasach mé:

- Éistim agus tugaim aire

- Déanaim cúram do mo chuid féin agus do chuid na scoile
- Gabhaim buíochas nó leithscéal nuair is cóir

Is páiste cineálta mé:
- Bím lách tuisceanach le daoine eile
- Tuigim go bhfuil sé de cheart ag gach duine mothú slán sábháilte sa scoil
- Ní dhéanaim tromaíocht
- Ní thacaím le tromaíocht

Dea-iompar a chothú
Mínítear agus múintear do na páistí gur féidir de-iompar a fhoghlaim agus drochiompar a sheachaint. Tabharfar aitheantas cuí ar bhonn ranga don iarracht aonar, do ghrúpaí agus don rang féin. Molfar an leanbh a dhéanann a dhícheall. Tá coras i bhfeidhm sna ranganna chun dea-iompar a chinntiú.

Rialacha an tseomra ranga
Ag tús na scoilbhliana míneofar agus múintear na rialacha do na páistí sna ranganna N1-R2. Cuirfidh na páistí i ranganna 3-6 a gcuid rialacha le chéile bunaithe ar an gcód seo. Déanfar é seo mar chuid den OSPS. Caithfear an riail 'Íosfaidh me mo lón sa rang agus ní roinnfidh mé le héinne' a bheith mar riail ar mhaithe le sábháilteacht.

Múinfear na rialacha don chlós sa rang agus ag an tionóil.

Rialacha clóis
- Labhraim Gaeilge
- Faighim cead dul ag an leithreas
- Ní fhágaim an clós gan cead
- Ní bhím ag dreapadh ar na geataí

Smachtbhannaí:
I gcás easumhlaíochta sa seomra ranga bainfear úsáid as na smachtbhannaí seo a leanas:
Tabharfar foláireamh (iomardú ó bhéal) don pháiste
Ansin is féidir leis an oide
- an páiste a chur go grúpa eile sa rang
- an páiste a chur chun cainte leis an bpríomhoide san oifig
- an páiste a choinneáil istigh do chuid d'am lóin agus tasc fóinteach a thabhairt dóibh le déanamh
- pribhléid a chailliúnt
- breis obair bhaile (obair bhaile ag an deireadh seachtaine)

An Cód féin
Sa chás go dtarlaíonn eachtra taobh amuigh den rang cuirfear an múinteoir ranga ar an eolas.

Má tharlaíonn go mbíonn leanbh de shíor;

...ag labhairt Béarla d'aonghnó
...ciontach i mí-iompar ar scoil
...ciontach i dtromaíocht ar scoil
...cuirfear an fhadhb i láthair an phríomhoide

Muna réitíonn thuas an scéal, iarrfar ar na tuismitheoirí coinne a dhéanamh leis an bpríomhoide agus an múinteoir ranga. Cuirfear plean scoile/baile i bhfeidhm agus déanfar athbhreithniu rialta ar an bplean seo.

Má leanann an droch iompar, tiocfaidh an príomhoide ar shocrú leis an muinteoir ranga an leanbh a thógáil as an rang ar feadh tréimhse áirithe ama. Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas faoi seo.

Má leanann an fhadhb cuirfear an cás i láthair na Bainistíochta.

Fionraithe agus Díbirtí:
Tá údaras ag Bord Bainistíochta Scoil Chualann mac léinn a chur ar fionraí. Déanfar gach iarracht tabhairt faoi idirghabháil roimh fhionraí. Ní chuirtear páiste ar fionraí ach amhain i gcás tromchúiseach.
Mar Shampla sa chás:

- Go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas nó iompar na mac léinn eile
- Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn ag fanacht sa scoil i láthair na huaire
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach ago mhaoin

Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina fhoras le duine a chur ar fionraí

Nósanna imeachta maidir le fionraí agus díbirt
Tagann na nósanna imeachta seo leis na treoirlínte sa cháipéis "Cód Iompair a Fhorbairt:Treoirlínte i gcomhair scoileanna"atá foilsithe ag an mBord Naisiúnta Leasa Oideachais .
Éilíonn an dlí ar scoileanna nósanna imeachta cearta a leanúint i dtaca le moltaí chun mac léinn chur ar fionraí nó a dhíbirt.
Tá dhá phríomhchuid i ngnáthaimh chóra: an ceart go n-éistfí leat agus an ceart go mbeifí neamhchlaonta ido leith.
Caithfear forais thromchúiseacha a bheith ann chun mac léinn a chur ar fionraí mar shampla sa chás:

- Go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
- Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn sa scoil i láthair na huaire
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin

Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina fhoras le duine a chur ar fionraí.
Cuirfear na gnéithe seo san áireamh sula gcuirtear mac léinn ar fionraí:

1. Cinéal agus tromchúis an iompair
2. Comhthéasc an iompair
3. Tionchar an iompair
4. Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
5. An freagra comhréireach é mac léinn a chur ar fionraí
6. Tionchar féideartha na fionraí

Nósanna imeachta i ndáil le fionraí
Nuair a dhearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na firicí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr rachaidh an príomhoide agus Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta i gcomhairle i dteannta a chéile.
Sa chás nach bhfuil an Cathaoirleach ar fáil rachaidh an Príomhoide i gcomhairle le ball eile den Bhord.
Cuirfear an mac léinn agus na tuismitheoir/caomhnóirí ar an eolas, ar an teileafón nó i scríbhinn ag brath ar thromchúis an iompair, maidir leis an ngearán. Tabharfar eolas dóibh ar an gcaoi go ndéanfar an gearán a fhiosrú agus míneofar dóibh go bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr. Tabharfar deis do na tuismitheoirí/caomhnóirí freagra a thabhairt sula nglactar cinneadh nó sula ngearrtar smachtbhanna.

Sa chás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir mac léinn a chur ar fionraí láithreach,ar mhaithe le sábháilteacht an mhic léinn, na foirne nó daoine eile cuirfear fios ar na tuismitheoirí/caomhnóirí agus iarrfar orthu an páiste a thabhairt abhaile.
Ní chuirfear páiste ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná trí lá ach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide ná trí lá de dhíth chun cuspóir áirithe a bhaint amach.

Má bhíonn tréimhse níos faide ná trí lá á mheas caithfear an t-ábhar a athreorú chuig an mBord Bainistíochta. Beidh teorainn deich lá le tréimhse amháin fionraí ar bith.

Achomhairc
Is féidir leis na tuismitheoirí cur isteach ar achomharc faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998 agus tabharfar eolas dóibh ar an dóigh chun achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

An Fhionraí a chur i ngníomh
Tabharfaidh an Príomhoide fógra i scríbhinn do na tuismitheoirí agus don mac léinn maidir leis an gcinneadh é/í a chur ar fionraí.
Dearbhóidh an litir na nithe seo a leanas:

1. Tréimhse na fionraí agus dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí
2. Fáthanna na fionraí
3. Clár oibre le leanúint
4. Socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí a thabhairt
5. Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta
6. Ceart achomhairc d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (an tAcht Oideachais 1998 alt 29)

Cuirfear deireadh le fionraí má chinneann an Bord Bainistíochta an fhionraí a bhaint ar aon chúis nó má threoraíonn Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don scoil an fhionraí a bhaint faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998.

Beidh plean ag an scoil chun cuidiú leis an mac léinn ath-imeascadh ina rang. Tabharfar gach deis dóibh tosú as an nua.

Athbhreithniú ar úsáid fionraí
Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar úsáid fionraí sa scoil ar bhonn rialto chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile agus chun a chinntiú go bhfuil úsáid fionraí comhréireach agus éifeachtach.

Díbirt
Tá údarás ag Bord Bainistíochta Scoil Chualann mac léinn a dhíbirt ón scoil. Beidh díbirt ina fhreagra comhréireach ar iompar an mhic léinn.
Ní dhéanfar mac léinn a dhíbirt ón scoil go dtí go mbíonn bearta suntasacha curtha i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mí-iompar lena n-áiritear:
Bualadh le tuismitheoirí agus leis an mac léinn le hiarracht a dhéanamh bealaí a aimsiú le mí-iompar do-ghlactha an mhic léinn a athrú.
A chinntiú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompair, dá leanfadh sé ar aghaidh.
A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha a chíoradh
Cuidiú dul i dteagbháil leis na gníomhaireachtaí tacaíochta (an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Séirbhíse Sláinte, An Chomhairle Naisiúnta um Oideachas Speisialta).
Caithfear forais thromchúiseacha a bheith ann chun mac léinn a dhíbirt ón scoil mar shampla sa chás:

- Go mbíonn tionchar díobhálach buanseasmhach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
- Go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na mac léinn nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an mac léinn sa scoil
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú an-sonrach ar raon tosca nuair atá cinneadh á ghlacadh acu mac léinn a dhíbirt:

1. Cineál agus tromchúis an iompair.
2. Comhthéasc an iompair.
3. Tionchar an iompair.
4. Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo.
5. An freagra comhréireach an díbirt.
6. An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag díbirt

Nósanna imeachta i ndáil le díbeart.

Céim 1: Imscrúdú sonrach, de réir gnáthamh cóir, faoi stiúr an Phríomhoide.
Cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i scríbhinn faoin mí-iompar líomhnaithe,an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh air sin. Tabharfar gach deis do na tuismitheoirí/caomhnóirí freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach ann sula nglacfaí cinneadh smachtbhanna a ghearradh.
Céim 2: Moladh ón bPríomhoide chuig an Bord Bainistíochta
Céim 3: Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reachtáil
Céim 4: Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta
Céim 5: Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais
Céim 6: Dearbhú ar an gcinneadh an mac léinn a dhíbirt

Má chinneann Bord Bainistíochta Scoil Chualann mac léinn a dhíbirt leanfar na nósanna imeachta thuas atá ar aon dul le "Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna" atá foilsithe ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais.

Achomhairc
Is féidir leis na tuismitheoirí/caomhnóirí cur isteach ar achomharc faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998 agus tabharfar eolas dóibh ar an dóigh chun achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Athbhreithniú ar úsáid díbeartha
Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar úsáid dibeartha sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile agus chun a chinntiú go núsáidtear díbirt go hiomchuí.

Ainm an Pháiste: _____

Síniú an Tuismitheora: _____

Dáta: _____

Oifig: _____

Aguisín le Beartas Sábháilteachta agus Cód Disciplín:
Le linn an ghéarchéim atá ann faoi láthair, tá freagracht orainn go léir a chéile a choinneáil sábháilte agus go maith. Chun é sin a dhéanamh, tá ionchais arda againn dár gcuid mac léinn cloí le rialacha agus treoirlínte na scoile a bhaineann leis an méid seo a leanas:

1. Lean aon athraithe a bhaineann le teacht nó imeacht ón scoil
2. Lean treoracha scoile maidir le sláinteachas, amhail lámhdhúchas agus sláintíocht
3. Lean treoracha ar cé hiad na daltaí ar féidir leo sóisialú a dhéanamh ar scoil leo
4. Lean treoracha mar gheall ar bhogadh timpeall na scoile (mar shampla, córais aon-bhealach, lasmuigh de cheantair theorainneacha, ciúáil, gnáthaimh lóin)
5. Ionchais maidir le sraothartach, casacht, fíocháin agus diúscairt
6. Ag insint do dhuine fásta má tá comharthaí Coronavirus acu
7. Rialacha maidir le haon trealamh nó míreanna eile a roinnt, mar shampla buidéil óil
8. Ionchais leasaithe maidir le sos agus amanna súgartha, san áireamh cá bhfuil cead acu spraoi nó gan spraoi
9. Áiseanna leithris a úsáid

Ní ceadmhach do mhic léinn caitheamh ag nó casacht d'aon ghnó ar mhac léinn nó ar bhall foirne eile. Measfar é seo a bheith ina mhí-iompar tromchúiseach agus déileálfar leis de réir ár gCód Disciplín.